



2020/2006(INL)

28.4.2020

## DRÉACHT-TUAIRIM

ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

chuig an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

le moltaí don Choimisiún i dtaobh creat dlíthiúil de chuid AE maidir leis an dífhoraísiú domhanda faoi thionchar AE a stopadh agus a fhreaschur (2020/2006(INL))

Rapóirtéir don tuairim: Martin Häusling

(Tionscnamh – Rial 47 de na Rialacha Nós Imeachta)

PA\_INL

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á iarraidh go nglacfar dlí ceangailteach an Aontais lena n-áiríteofar nach mbainfidh slabhraí soláthair na dtairgí arna n-allmhairiú isteach san Aontas nó slabhraí soláthair na dtairgí agus na seirbhísí sin arna soláthar laistigh den Aontas le dífhoraoisíú agus díghrádú nó tiontú an éiceachórais nó sárúithe ar chearta an duine, agus lena gcosnófar pobail dhúchasacha agus áitiúla; 2. á thabhairt dá aire nach gcuirfidh bearta deonacha amháin stop leis an dífhoraoisíú;
3. á iarraidh, dá bhrí sin, oibleagáid díchill chuí a chur ar oibreoirí, lena n-áirítear airgeadaithe, a chuireann tráchtearraí nó díorthaigh ar mhargadh an Aontais lena ngabhann rioscaí d'fhoraoisí agus d'éiceachórais;
4. á mheas, trí fheabhas a chur ar inrianaitheacht agus trédhearcacht, gur féidir cabhrú lena chinntiú nach gcaithfear ach earraí a fhaightear ar bhonn inbhuanaithe; á iarraidh go mbeidh oibleagáidí díchill chuí ina gcuid de na rialacha soláthair phoiblí;
5. á iarraidh go n-áireofar forálacha ceangailteacha agus in-fhorfheidhmithe comhshaoil agus sóisialta i gcomhaontaithe saorthrádála (CSTanna) chun foraoisí, éiceachórais nádúrtha agus cearta an duine a chosaint, go háirithe cearta talún an phobail; á iarraidh go n-athosclófar CSTanna nach gcuimsíonn forálacha den sórt sin, mar shampla CST AE-Mercosur;
6. á iarraidh ar an Aontas spléachas ar allmhairí tráchtearraí a laghdú, lena ngabhann rioscaí d'fhoraoisí agus d'éiceachórais, trí phlean próitéine an Aontais a chur chun feidhme agus táirgeadh beostoic an Aontais a chur in oiriúint do na hacmhainní talún atá ar fáil san Aontas;
7. á iarraidh go mbeadh creat reachtach comhleanúnach ann lena dtabharfar córais atá ann cheana le chéile agus lena ndéanfar iad a forbairt, amhail an Plean Gníomhaíochta um Fhorghníomhú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí (FLEGT) agus rialachán adhmaid an Aontais, lena ráthófar rannpháirtíocht na sealbhóirí cirt;
8. á thabhairt dá aire an leibhéal mí-oiriúnach tomhaltais san Aontas agus, mar shampla, sa Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite (RED II) nach bhfuil critéir inbhuanaitheachta leordhóthanacha ann agus go bhfuil sé sin ina chúis leis an athrú ar thalamhúsáid agus go gcuireann sé go mór leis freisin;
9. á iarraidh ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar chúiseanna na ndóiteán foraoise, damáiste d'fhoraoisí agus tiontú an éiceachórais mar aon le sárúithe gaolmhara ar chearta an duine agus ar chearta talún, agus beart a dhéanamh maidir leis na nithe sin, trí shásraí luathfholáirimh a chruthú.